Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Meitheamh 2019
(OR. en)

10349/19

SOC 482
EMPL 371
GENDER 27
ANTIDISCRIM 17

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 13 Meitheamh 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9804/19 |
| Ábhar: | An bhearna phá idir na hinscní a dhúnadh: Príomhbheartais agus bearta - Conclúidí ón gComhairle (13 Meitheamh 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir leis an mbearna phá idir na hinscní a dhúnadh: Príomhbheartais agus Bearta, a ghlac Comhairle EPSCO ag an gcruinniú a bhí aici ar an 13 Meitheamh 2019.

## An bhearna phá idir na hinscní a dhúnadh: Príomhbheartais agus bearta

## Conclúidí ón gComhairle

Á AITHINT DI NA NITHE SEO A LEANAS:

1. Is prionsabal bunúsach de chuid an Aontais Eorpaigh agus prionsabal a chumhdaítear sna conarthaí agus in Airteagal 23 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh é an comhionannas idir fir agus mná. Le hAirteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ceanglaítear ar an Aontas, ina ghníomhaíochtaí uile, é a bheith d'aidhm aige neamhionannais idir fir agus mná a dhíchur agus comhionannas eatarthu a chur ar aghaidh.

2. Le hAirteagal 157 CFAE, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm prionsabal an phá chomhionainn d'oibrithe fireanna agus d'oibrithe baineanna as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach agus, d'fhonn comhionannas iomlán iarbhír idir fir agus mná a áirithiú i saol na hoibre, ceadaítear do na Ballstáit bearta a choimeád ar bun nó a ghlacadh lena ndéantar foráil maidir le buntáistí sonracha chun gur fusa don ghnéas tearcionadaithe gabháil le gairm bheatha nó chun míbhuntáistí i slite beatha gairmiúla a chosc nó a chúiteamh.

3. Aithnítear comhionannas inscne agus cothromaíocht oibre is saoil i bPrionsabail 2 agus 9 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar an 17 Samhain 2017.

4. Le beartais ar mhaithe leis an gcomhionannas inscne, spreagtar an fás cliste, inbhuanaithe, cuimsitheach, agus is réamhchoinníoll iad na beartais sin freisin má táthar chun rathúnas, iomaíochas agus fostaíocht a chur chun cinn, mar aon leis an gcuimsitheacht agus an comhtháthú sóisialta.

5. De réir sprioc forbartha inbhuanaithe (SDG) 5.4 de Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, ba cheart obair chúraim gan phá agus cúraimí tí gan phá a aithint agus luach a bhronnadh orthu trí sheirbhísí poiblí, bonneagar agus beartais maidir le cosaint sóisialta a chur ar fáil agus tríd an bhfreagracht chomhpháirteach a chur chun cinn laistigh den chomhluadar tí nó den teaghlach, de réir mar atá iomchuí ar bhonn náisiúnta. Déantar tagairt freisin do phrionsabal an phá chomhionainn as obair ar comhionann a luach in SDG 8.5 de Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe.

6. Ina theannta sin, ceann de na réimsí tosaíochta a shainaithin an Coimisiún Eorpach sa Rannpháirtíocht Straitéiseach don chomhionannas inscne 2016-2019 is ea "na bearnaí inscne maidir le pá, le tuillimh agus le pinsin a ísliú agus, sa chaoi sin, an bhochtaineacht i measc na mban a chomhrac".

7. Na noirm shóisialta, struchtúir shochaíocha, patrúin chultúrtha agus steiréitíopaí inscne atá go smior ionainn, bíonn tionchar acu ar na roghanna a dhéantar ar leibhéal an teaghlaigh maidir le dáileadh na hoibre íoctha agus neamhíoctha agus na ngníomhaíochtaí cúraim idir mná agus fir.

Á MHEABHRÚ DI AN MÉID SEO A LEANAS:

8. Le hAirteagal 11 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú, aithnítear gur "ceart doshannta atá ag gach duine daonna é an ceart chun obair a dhéanamh." Leis an Airteagal sin, cuirtear de cheangal ar na Stáit is Páirtithe "gach beart iomchuí a dhéanamh chun idirdhealú in aghaidh na mban i réimse na fostaíochta a dhíothú, d'fhonn na cearta céanna a áirithiú ar bhonn an chomhionannais idir mná agus fir," lena n-áirítear an ceart chun luach saothair comhionann, an ceart chun slándáil shóisialta agus an ceart chun tréimhse shaoire le pá. Cuirtear de cheangal ar na Stáit is Páirtithe freisin "saoire mháithreachais le pá nó le sochair shóisialta inchomparáide a thabhairt isteach gan an fhostaíocht, an tsinsearacht ná an liúntas sóisialta a bhí acu roimhe sin a chailliúint."

9. De réir Airteagal 1 de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hIdirdhealú i gcúrsaí Fostaíochta agus Slí Bheatha 1958, áirítear le hidirdhealú aon idirdhealú, eisiamh nó rogha a dhéantar bunaithe ar ghnéas "agus a bhfuil mar éifeacht aige comhionannas deiseanna agus an chóir chomhionann i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha a chur ar neamhní nó a chur i mbaol".

10. Foráiltear, le hAirteagal 2 de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Luach Saothair Comhionann 1951, go ndéanfaidh gach Ball "cur i bhfeidhm phrionsabal an luacha saothair chomhionainn d'oibrithe fir agus mná as obair ar comhionann a luach" a chur chun cinn agus a áirithiú, is é sin le rá, rátaí luacha saothair a bhunú gan idirdhealú bunaithe ar ghnéas.

11. Le Cairt Shóisialta na hEorpa (athbhreithnithe) 1996 ó Chomhairle na hEorpa, cuirtear de cheangal ar na Páirtithe gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh chun a áirithiú go ndéantar an ceart chun oibre agus an ceart chun luach saothair cóir, *inter alia*, a chomhlíonadh go héifeachtach. Sa chomhthéacs sin, aithnítear in Airteagal 4(3) "ceart na n-oibrithe fir agus mná pá comhionann a fháil as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach".

Á THABHAIRT DÁ hAIRE:

12. De réir Eurostat, is lú meánphá comhlán na mban ná na bhfear in aghaidh na huaire agus is thart ar 16 % fós atá an bhearna phá idir na hinscní san Aontas, bearna nach bhfuil ach laghdú an-mhall ag teacht uirthi agus í ag méadú fiú i roinnt Ballstát. Ina theannta sin, léiríonn an táscaire maidir leis an mbearna phá fhoriomlán gur thart ar 40 % atá an bhearna idir na hinscní in AE-28.

13. Is toradh í an bhearna phá idir na hinscní ar réimse iomlán míchothromaíochtaí inscne sa mhargadh saothair. Ní hiad difríochtaí sna leibhéil oideachais is cúis léi, mar éiríonn níos fearr le mná ná le fir ó thaobh leibhéal oideachais de san Aontas. Ina ionad sin, is cúinsí eile is cúis léi, cúinsí amhail leithscaradh na n-inscní san oideachas, san oiliúint agus san fhostaíocht, an deighilt fostaíochta, míchothromaíocht inscne i bpoist bhainistíochta agus chinnteoireachta, rannpháirtíocht níos minice na mban in obair pháirtaimseartha agus sosanna gairme níos minice agus níos faide a bheith acu mar gheall ar roinnt éagothrom na bhfreagrachtaí comhluadair tí, teaghlaigh agus cúraim idir mná agus fir, agus mar gheall ar thearc-luacháil na hoibre a dhéanann mná. D'fhéadfadh sé go mbeadh ról ag cúinsí eagraíochtúla chomh maith, ina measc uaireanta fada oibre agus an t-ionchas go mbeadh daoine i láthair go fisiciúil agus ar fáil lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre. Is iarmhairtí iad na cúinsí uile dá dtagraítear thuas ar an laofacht agus ar an idirdhealú inscne neamh-chomhfhiosach leanúnach, lena n-áirítear idirdhealú pá, ar léiriú iad nach bhfuil prionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach á chur i bhfeidhm mar is ceart.

14. I bPlean Gníomhaíochta an Aontais 2017-2019 arna ghlacadh ag an gCoimisiún Eorpach maidir le dul i ngleic leis an mbearna phá idir na hinscní, liostaítear bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna, amhail deighilt fostaíochta na n-inscní, idir chothrománach agus ingearach; an easpa trédhearcachta pá agus roinnt éagothrom na bhfreagrachtaí cúraim idir mná agus fir. Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochtaí bearta múscailte feasachta agus bearta chun neamhionannais a nochtadh agus steiréitíopaí a chomhrac.

15. Léiríonn an nóta taighde dar teideal "*Tackling the gender pay gap: not without a better work-life balance*" [Ag dul i ngleic leis an mbearna phá idir na hinscní: gá le cothromaíocht níos fearr oibre is saoil] a d'ullmhaigh an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE), go bhfuil ceithre oiread níos mó seans ann gurb iad mná an Aontais seachas fir a bheidh ag obair go páirtaimseartha nó ar conradh sealadach. Thairis sin, tá an ráta neamhghníomhaíochta eacnamaíche i gcás mná in aois fostaíochta dhá uair níos airde ná i gcás na bhfear. De na mná atá ag maireachtáil i mbochtaineacht, is mar gheall ar fhreagrachtaí cúraim agus baile nach bhfuil an cúigiú cuid díobh gníomhach i margadh an tsaothair. De réir an nóta taighde, d'fhéadfadh sé gur léiriú é sin ar an easpa saoráidí cúraim leanaí inacmhainne ar ardcháilíocht agus easpa seirbhísí cúraim do chleithiúnaithe eile, agus an easpa beartas lena chinntiú gur fiú an obair an luach saothair agus bearta eile amhail socruithe solúbtha oibre do mhná agus d'fhir araon. Leis na bearta sin, d'fhéadfaí cabhrú le comhréiteach idir saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach a éascú, lena n-áirítear trí am leordhóthanach a leithdháileadh ar gach ceann de na réimsí sin. Ina theannta sin, mná a oibríonn go lánaimseartha agus, ag an am céanna, a dhéanann obair chúraim gan phá agus cúraimí tí gan phá, is mó na huaireanta a chloig a oibríonn siad in aghaidh an lae ná fir.

16. Cuireann an tacar conclúidí seo leis an obair a rinneadh cheana agus leis na gealltanais pholaitiúla ón gComhairle, ó Pharlaimint na hEorpa, ón gCoimisiún agus ó gheallsealbhóirí ábhartha sa réimse seo, lena n-áirítear na doiciméid a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis seo.

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí, agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh acu, agus urraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, an méid seo a leanas a dhéanamh:

17. Machnamh a dhéanamh ar na bearta uile atá ann d'fhonn forfheidhmiú éifeachtach phrionsabal dlí an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta.

18. I gcás inarb ábhartha, feabhas a chur ar bhearta atá ann cheana féin nó bearta nua a thabhairt isteach chun cur chun feidhme éifeachtach phrionsabal an phá chomhionainn ar obair chomhionann nó ar obair ar comhionann a luach a áirithiú , lena n-áirítear bearta chun trédhearcacht pá a fheabhsú, ag tarraingt ar an Moladh ón gCoimisiún an 7 Márta 2014 maidir le neart a chur le prionsabal an phá chomhionainn[1].

19. Bearta a ghlacadh chun neart a chur le cumas na gcomhlachtaí comhionannais gníomhú, cúnamh a thabhairt d'íospartaigh an idirdhealaithe phá agus ionadaíocht a dhéanamh orthu, agus féachaint an bhféadfaí na bearta dá dtagraítear sa Mholadh ón gCoimisiún an 22 Meitheamh 2018 maidir le caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais a ghlacadh[2]. Ba cheart, leis na bearta sin, go gcuirfí san áireamh riachtanais shonracha na mban agus na bhfear a ndéantar idirdhealú orthu ar níos mó ná foras amháin.

20. Bearta éifeachtacha a dhéanamh chun comhionannas a chur chun cinn in oideachas agus i bhfostaíocht d'fhonn aghaidh a thabhairt ar dheighilt sa mhargadh fostaíochta agus d'fhonn an bhearna phá idir na hinscní a dhúnadh, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

a) bearta chun idirdhealú pá a chomhrac, lena n-áirítear trí thrédhearcacht pá a chur chun cinn;

b) bearta chun oideachas agus oiliúint neamhchlaonta a áirithiú ar gach leibhéal, lena n-áirítear ardoideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, foghlaim ar feadh an tsaoil agus treoir ghairme agus rochtain chomhionann orthu do chách;

c) bearta chun gach cailín, bean, buachaill agus fear a chumhachtú le go mbeidh siad in ann réimsí oideachais agus gairmeacha a roghnú beag beann ar steiréitíopaí inscne agus i gcomhréir lena roghanna, ábaltachtaí agus scileanna;

1 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:32014H0124
2 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1548772937602&uri=CELEX:32018H0951

d) bearta chun rochtain chomhionann ar gach réimse oideachais agus ar gach gairm a chur chun cinn, agus rochtain na mban agus na gcailíní a éascú ar eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic (ETIM) agus ar theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC), mar aon le bearta chun buachaillí agus fir a spreagadh dul faoi oiliúint nó dul ag obair in earnáil an oideachais, na sláinte agus an leasa;

e) bearta chun aghaidh a thabhairt ar dídhreasuithe don bheirt tuismitheoirí (agus do thuismitheoirí aonair) páirt iomlán a ghlacadh in obair íoctha, lena n-áirítear beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, agus bearta chun anailís a dhéanamh agus, i gcás inar gá, aghaidh a thabhairt ar na tionchair a bhíonn ar ioncaim na mban agus na bhfear ag córais chánach agus sochair agus ag teidlíochtaí;

f) bearta chun oideachas agus oiliúint a chur chun cinn, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint neamhfhoirmiúil, chomh maith le gníomhaíochtaí múscailte feasachta do gach aoisghrúpa ar chomhionannas inscne agus laofacht inscne neamh-chomhfhiosach d'fhonn an deighilt fostaíochta a chomhrac; agus

g) bearta sonracha don phostmheastóireacht inscne-neodrach, lena gcuirfear béim ar na buntáistí a bhaineann leis an meastóireacht sin d'fhostóirí.

h) bearta chun dáileadh cothrom na bpost bainistíochta ó thaobh inscne de a chur chun cinn.

21. Bearta a ghlacadh d'fhonn comhréiteach idir saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach a éascú do mhná agus d'fhir araon, lena spreagfar comhroinnt chothrom na bhfreagrachtaí cúraim agus teaghlaigh idir mná agus fir, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

a) bearta chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí cúraim inrochtana, inacmhainne agus ar ardcháilíocht, lena n-áirítear do leanaí óga, daoine scothaosta agus daoine a bhfuil riachtanais cúraim fhadtéarmaigh acu;

b) bearta chun cothromaíochta oibre is saoil a chur chun cinn san ionad oibre, córais deimhniúcháin dheonacha a bhunú, gairmoiliúint a sholáthar, feasacht a mhúscailt, agus feachtais faisnéise a chur i gcrích;

c) bearta chun feabhas a chur ar na cearta agus an tacaíocht a thugtar d'fhostaithe lena gcuid freagrachtaí cúraim agus gairmiúla a chomhréiteach ar bhealach níos fearr agus chun líon na bhfear a bhaineann leas as na cearta sin a mhéadú;

d) bearta chun comhroinnt chothrom na bhfreagrachtaí cúraim idir mná agus fir a chur chun cinn;

e) bearta chun na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta [...] agus gnólachtaí, a spreagadh chun cleachtais a ghlacadh a chuirfidh le comhréiteach idir saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach, lena n-áirítear sna hearnálacha sin inar mó fir ná mná iontu, agus bearta chun comhdheiseanna a áirithiú idir mná agus fir ó thaobh rochtain ar na cearta agus socruithe ábhartha de;

f) bearta chun feasacht a mhúscailt maidir le cearta agus socruithe a bhaineann le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí d'fhonn úsáid na gceart agus na socruithe sin a éascú, go háirithe i measc fear.

22. Bearta sonracha do mhná agus cailíní a chur san áireamh agus a áireamh ina straitéisí maidir le forbairt inbhuanaithe náisiúnta i gcomhréir le SDG 5[3] de Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na bhforálacha ábhartha uile, lena n-áirítear trí shonraí a úsáid bunaithe ar na táscairí a bunaíodh faoi chur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh, agus urraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, an méid seo a leanas a dhéanamh:

23. Cur chuige comhtháite a úsáid i ngach iarracht chun an bhearna phá idir na hinscní a dhúnadh agus chun comhionannas inscne a chur chun cinn, lena n-áirítear trí shineirgí a chothú idir straitéisí fostaíochta agus beartais eacnamaíocha agus sóisialta eile a bhaineann leis an óige, leis an oideachas, le cáin, le sochair theaghlaigh, leis an gcosaint shóisialta agus le cúram sláinte.

---

[3] Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 5.

24. Bearta a ghlacadh chun deireadh a chur le steiréitíopaí inscne agus aghaidh a thabhairt ar thoimhdí steiréitipiciúla maidir le róil inscne d'fhonn an bhearna phá idir na hinscní a dhúnadh, an leithscaradh inscne idir chothrománach agus ingearach a laghdú sa mhargadh saothair agus comhroinnt chothrom na bhfreagrachtaí cúraim a chur chun cinn idir fir agus mná.

25. Dlús a chur leis na hiarrachtaí an bhearna phá idir na hinscní a dhúnadh agus comhdheiseanna fostaíochta a áirithiú i gcomhthéacs na dtionscnamh, na mbeartas agus na mbeart ábhartha uile, lena n-áirítear fostaíocht agus beartais shóisialta agus straitéisí, mar shampla trí ról na gcomhlachtaí agus na n-institiúidí poiblí atá freagrach as comhionannas inscne a threisiú, agus trí ghné an chomhionannais inscne (an príomhshruthú inscne) a áireamh in ullmhúchán, cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht thionchar na mbeartas seo ar mhná agus ar fhir.

26. Bearta éifeachtacha a ghlacadh chun an bhearna phá idir na hinscní a dhúnadh, ag tarraingt, i gcás inarb ábhartha, ó Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

a) bearta chun feabhas a chur ar thrédhearcacht pá agus ar fhorfheidhmiú phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach,

b) bearta chun a áirithiú go mbeidh roghnú na n-iarrthóirí, go háirithe do phoist bhainistíochta sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí, bunaithe ar mheasúnú sothuigthe, oibiachtúil agus inscne-neodrach agus ar fhiúntais agus cáilíochta na n-iarrthóirí;

c) bearta a chuideoidh le níos mó ban cur isteach ar phoist bhainistíochta;

d) bearta chun aghaidh a thabhairt ar an ngá leis an gcúram teaghlaigh agus leis an obair theaghlaigh a ghairmiúlú agus a thabhairt chun rialtachta, ós tascanna iad seo atá fós á ndéanamh gan íocaíocht ag mná den chuid is mó; agus

e) bearta chun malartú dea-chleachtas a spreagadh – ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta, idirnáisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.

27. Bearta sonracha a ghlacadh chun comhréiteach idir saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach a éascú. Ba cheart tacú leis an gcothromaíocht oibre is saoil trí shraith beart a threisíonn a chéile, lena n-áirítear meascán de bhearta reachtaíochta agus beartais, amhail saoire a bhaineann le cúiseanna teaghlaigh, go háirithe saoire mháithreachais, atharthachta, tuismitheoireachta agus cúramóirí, seirbhísí cúraim inrochtana, inacmhainne agus ar ardcháilíocht a chur ar fáil, agus socruithe solúbtha oibre do mhná agus d'fhir.

28. Fostóirí a spreagadh chun tacú le fir ag tógáil saoire atharthachta agus saoire eile teaghlaigh agus leas a bhaint as socruithe solúbtha oibre.

29. Fostóirí a spreagadh chun go mbeidh sé níos éasca dá bhfostaithe leas a bhaint as saoire teaghlaigh, go háirithe saoire mháithreachais, atharthachta, tuismitheoireachta agus cúramóirí, chomh maith le socruithe solúbtha oibre chun cúram a thabhairt do leanaí agus do chleithiúnaithe eile, rud a fhágfaidh gur fusa a bheidh comhroinnt chothrom na bhfreagrachtaí cúraim.

30. Cultúir a chur chun cinn in eagraíochtaí agus in ionaid oibre lena gcuideofaí le riachtanais chothromaíochta a bhaint amach idir saol na hoibre agus saol an teaghlaigh do mhná agus fir, mar shampla, i gcás inar gá, trí phleananna comhionannais inscne.

31. A bheith rannpháirteach le lucht gnó, mar shampla trí fheachtais *ad hoc* nó trí dhámhachtainí do shárghnólachtaí agus, ina theannta sin, le heagraíochtaí gnó agus fostaithe agus le heagraíochtaí ón tríú hearnáil agus ón tsochaí sibhialta, d'fhonn tacú lena n-iarrachtaí aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá leis an mbearna phá idir na hinscní, lena n-áirítear trí chothromaíocht oibre is saoil a éascú do mhná agus d'fhir.

32. Bearta a ghlacadh lena áirithiú go bhféadfaidh mná agus fir dul chun cinn a dhéanamh ina ngairm gan idirdhealú ó thaobh saoire teaghlaigh de.

33. Filleadh fostaithe ar an obair tar éis tréimhse saoire a éascú, agus go bhféadfaidh siad filleadh ar an bpatrún oibre a bhí acu roimhe sin tar éis tréimhse oibre páirtaimseartha. Sa chéad dul síos, ba cheart fostaithe agus fostóirí a spreagadh le fanacht i dteagmháil le linn na tréimhse saoire agus socruithe a dhéanamh maidir le haon bhearta athimeasctha.

34. Gach beart ábhartha riachtanach a dhéanamh chun spriocanna Barcelona maidir le soláthar cúraim leanaí inacmhainne agus ar ardcháilíocht[4] a bhaint amach, an rochtain ar chúraim leanaí a éascú, agus féachaint an bhféadfaí spriocanna nua a thabhairt isteach lena ndíreofaí ar riachtanais chúraim eile feadh na saolré, go háirithe cúram do dhaoine scothaosta.

35. Acmhainní a dhíriú ar bhearta sonracha a fhorbairt agus a chur chun feidhme arb é is aidhm leo dul i ngleic leis na bunchúiseanna atá leis an mbearna phá idir na hinscní, lena n-áirítear i gcomhthéacs Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, go háirithe Ciste Sóisialta na hEorpa.

36. Na geallsealbhóirí agus na gníomhaithe ábhartha uile, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, gnólachtaí agus seirbhísí fostaíochta poiblí a spreagadh chun dlús a chur leis na hiarrachtaí an leithscaradh inscne cothrománach a laghdú, lena n-áirítear trí luacháil níos fearr a dhéanamh ar obair in earnálacha inar mó líon na mban ná na bhfear, trí thrédhearcacht agus cothromaíocht na gcóras postmheastóireachta a fheabhsú, trí mhná agus fir a spreagadh le leas a bhaint as deiseanna poist i ngach earnáil ar bhonn cothrom agus é sin a chur ar a gcumas dóibh, agus trí bhéim a leagan ar bhuntáistí eacnamaíocha na dídheighilte agus a thábhachtaí atá sé i gcomhthéacs thodhchaí na hoibre.

37. I gcomhréir le colún Eorpach na gceart sóisialta, aghaidh a thabhairt ar an mbearna phá idir na hinscní faoi chreat rialachais na straitéise Eoraip 2020, lena n-áirítear an Suirbhé Bliantúil Fáis agus an Dréacht-Tuarascáil Chomhpháirteach Fostaíochta, agus an bhearna phá sin a chur san áireamh i gcreataí straitéiseacha amach anseo.

---

4 In 2002, leag an Chomhairle Eorpach spriocanna síos go ndéanfaí faoi 2010 cúram leanaí a chur ar fáil do 90 % ar a laghad de na leanaí idir 3 bliana d'aois agus an aois éigeantach scoile agus do 33 % ar a laghad de na leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois.

38. Feasacht a mhúscailt i measc shaoránaigh an Aontais maidir leis an mbearna phá idir na hinscní agus na cúiseanna atá leis an mbearna sin agus na hiarmhairtí a eascraíonn aisti, lena n-áirítear an bhearna phinsin idir na hinscní agus an riosca níos airde bochtaineachta i measc na mban sa tseanaois.

39. Plé faoin gcomhrac in aghaidh an idirdhealaithe pá, na laofachta inscne agus na steiréitíopaí san oideachas agus sa mhargadh saothair a spreagadh leis na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, gnólachtaí, comhlachtaí comhionannais náisiúnta agus eagraíochtaí atá ag obair ar son an chomhionannais inscne, rud a chuideoidh leis an bhfoghlaim fhrithpháirteach.

40. Dul níos faide leis an obair chomhpháirteach atá déanta ag an gCoimisiún agus ag Eurostat maidir leis an mbearna phá gan choigeartú idir na hinscní a bhriseadh síos agus sonraí ábhartha a fhoilsiú go rialta maidir leis an mbearna phá, na tosca atá léi, agus na hiarmhairtí do thuilleamh agus do phinsin.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH an méid seo a leanas a dhéanamh:

41. Teachtaireacht ón gCoimisiún a ghlacadh lena leagfar amach straitéis saorsheasaimh maidir le comhionannas inscne don tréimhse i ndiaidh 2019, lena n-áirítear beartais chun an mbearna phá a dhúnadh.

42. Anailís a dhéanamh ar thionchar na digiteála ar chomhionannas inscne agus ar chothromaíocht oibre is saoil i gcomhthéacs an mhargaidh saothair agus an anailís sin a chur san áireamh sa cheapadh beartas amach anseo.

43. Obair leantach ghníomhach a dhéanamh ar an meastóireacht[5] atá ar siúl ar na forálacha i dTreoir 2006/54/CE lena gcuirtear chun feidhme prionsabal an Chonartha maidir le 'pá comhionann', lena n-áirítear trí fhéachaint an gá leasuithe a dhéanamh ar an Treoir.

44. Malartú dea-chleachtas a chur chun cinn idir na Ballstáit maidir le bearta chun dul i ngleic le bunchúiseanna na bearna pá idir na hinscní.

45. Gné an chomhionannais inscne (an príomhshruthú inscne) a neartú i ngach réimse beartais, lena n-áirítear i mbeartais maidir leis an óige, leis an oideachas agus leis an bhfostaíocht, agus i gcláir amach anseo.

---

[5] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/initiatives/ares-2018-3415794_en

**IARSCRÍBHINN I**

## Tagairtí

1. **Idirinstitiúideach AE:**

Colún Eorpach na gceart sóisialta.
https://ec.europa.eu/commission/sites/beta-political/files/social-summit-european-pillar-social-rights-booklet_en.pdf

2. **Reachtaíocht an Aontais Eorpaigh:**

Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha (athmhúnlú). (IO L 204, 26.7.2006, lgh. 23-36.)

Treoir 2010/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná atá rannpháirteach i ngníomhaíocht ar bhonn féinfhostaithe a chur i bhfeidhm agus lena n-aisghairtear Treoir 86/613/CEE (IO L 180, 15.7.2010, lgh. 1-6.)

Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle *[Tagairt don Treoir a glacadh le cur in áit an tagartha seo.]*

3. **An Chomhairle:**

Na conclúidí ar fad ón gComhairle a glacadh maidir leis an athbhreithniú ar Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising[6] agus conclúidí eile ón gComhairle maidir leis an gcomhionannas inscne, go mór mór iad siúd a luaitear thíos:

- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tiomantas a neartú agus dlús a chur leis na difreálacha pá idir na hinscní a laghdú, agus maidir leis an athbhreithniú ar chur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising (18121/10).

- Conclúidí ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir leis an gComhaontú Eorpach um Chomhionannas Inscne (2011-  2020) (IO C 155, 25.5.2011, lgh. 10-13).

- Conclúidí ón gComhairle maidir le Mná agus an Geilleagar: Saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh mar réamhchoinníoll i gcomhair rannpháirtíochta comhionainne i margadh an tsaothair (17816/11).

- Conclúidí ón gComhairle maidir le margaí saothair níos cuimsithí a bhaint amach, a glacadh ar an 9 Márta 2015 (7017/15).

---

6 http://ec.europa.eu/justice/gender-equality/tools/statistics-indicators/platform-action/index_en.htm

- Conclúidí ón gComhairle an 18 Meitheamh 2018 maidir le deiseanna comhioncaim do mhná agus d'fhir: Fáil réidh leis an difreálach pinsin idir na hinscní. 10081/15.

- Conclúidí ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2015 maidir le Plean Gníomhaíochta i ndáil le hInscne 2016-2020 (13201/15).

- Conclúidí ón gComhairle maidir le Scileanna na mBan agus na bhFear i Margadh Saothair an Aontais Eorpaigh a Fheabhsú (6889/17).

- Conclúidí ón gComhairle an 7 Nollaig 2017 maidir le bearta feabhsaithe chun leithscaradh inscne cothrománach a laghdú san oideachas agus san fhostaíocht (15468/17).

- Moladh 92/241/CEE ón gComhairle an 31 Márta 1992 maidir le cúram leanaí, IO L 123, 8 Bealtaine 1992, lgh. 16-18.

- *Resolution of the Council and of the Ministers for Employment and Social Policy, meeting within the Council of 29 June 2000, on the balanced participation of women and men in family and working life* [Rún ón gComhairle agus ó na hAirí Fostaíochta agus Beartais Shóisialta, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle an 29 Meitheamh 2000, maidir le rannpháirtíocht chothrom na mban agus na bhfear i saol an teaghlaigh agus saol na hoibre], IO C 218, 31 Iúil 2000, lgh. 5-7.

**4. An fhoireann trí Uachtaránacht:**

- [Dearbhú ón bhfoireann trí Uachtaránacht maidir le Comhionannas Inscne, an Rómáin, an Fhionlainn agus an Chróit (15 Márta 2019).]

- An Dearbhú Comhpháirteach dar teideal *Gender Equality as a Priority of the European Union today and in the future* [Tosaíocht a dhéanamh, inniu agus feasta, den chomhionannas inscne san Aontas Eorpach]. Arna mholadh ag an bhfoireann trí Uachtaránacht (an Ostair, an Eastóin agus an Bhulgáir) ag cruinniú neamhfhoirmiúil d'airí an Aontais um chomhionannas inscne, an 12 Deireadh Fómhair 2018, i Vín.

**5. An Coimisiún Eorpach:**

- Teachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Márta 2010: "Eoraip 2020: Straitéis don fhás cliste, inbhuanaithe, cuimsitheach" (COM(2010) 2020 final).

- Moladh ón gCoimisiún 2014/124/EU an 7 Márta 2014 maidir le neart a chur le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná trí thrédhearcacht (IO L 69, 8.3.2014, lgh. 112-116).

- Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal "*Strategic engagement for gender equality 2016-2019*" [Rannpháirtíocht straitéiseach don chomhionannas inscne 2016-2019] (SWD(2015) 278 final).

- Teachtaireacht ón gCoimisiún an 26 Aibreán 2017: "Tionscnamh chun tacú leis an gcothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí a bhíonn ag obair" (COM(2017) 252 final).

- Plean Gníomhaíochta AE 2017-2019: Ag dul i ngleic leis an mbearna phá idir na hinscní. COM(2017) 678 final.

- *Report on the development of childcare facilities for young children with a view to increase female labour participation, strike a work-life balance for working parents and bring about sustainable and inclusive growth in Europe (the "Barcelona objectives")* [Tuarascáil maidir le forbairt saoráidí cúraim leanaí do leanaí óga d'fhonn rannpháirtíocht saothair na mban a mhéadú, cothromaíocht oibre is saoil a bhaint amach do thuismitheoirí a bhíonn ag obair agus fás inbhuanaithe chuimsitheach a bhaint amach san Eoraip ("spriocanna Barcelona")] (COM(2018) 273).

- Moladh ón gCoimisiún (AE) 2018/951 an 22 Meitheamh 2018 maidir le caighdeáin do na comhlachtaí comhionannais, IO L 167/28, 4.7.2018, lgh. 28-35.

- *Opinion of the Advisory Committee on Equal Opportunities for Women and Men on the future gender equality policy after 2019, old and new challenges and priorities* [Tuairim ón gCoiste Comhairleach um Chomhionannas Deiseanna do Mhná agus d'Fhir maidir leis an mbeartas um chomhionannas inscne i ndiaidh 2019, seandúshláin agus dúshláin nua agus tosaíochtaí]

- *Opinion of the Advisory Committee on Equal Opportunities for Women and Men on new challenges for gender equality in the changing world of work* [Tuairim ón gCoiste Comhairleach um Chomhionannas Deiseanna do Mhná agus d'Fhir maidir le dúshláin nua don chomhionannas inscne i saol na hoibre atá ag athrú]

- Tuarascáil bhliantúil 2019 ar chomhionannas idir mná agus fir san Aontas Eorpach, https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/aid_development_cooperation_fundamental_rights/annual_report_ge_2019_en.pdf

**6. Parlaimint na hEorpa:**

-- Rún an 14 Márta 2017 maidir le comhionannas idir mná agus fir san Aontas Eorpach in 2014-2015 http://www.europarl.europa.eu/sides/getDoc.do?type=TA&reference=P8-TA-2017-0073&language=EN

- Rún an 14 Meitheamh 2017 maidir le Straitéis ón Aontas chun deireadh a chur leis an mbearna phinsin idir na hinscní agus í a chosc http://www.europarl.europa.eu/sides/getDoc.do?type=TA&language=EN&reference=P8-TA-2017-0260

**7. An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE):**

- Nóta taighde dar teideal "*Tackling the gender pay gap: not without a better work-life balance*" [Ag dul i ngleic leis an mbearna phá idir na hinscní: gá le cothromaíocht níos fearr oibre agus saoil] 6656/19 ADD 1

- Innéacs Comhionannais Inscne https://eige.europa.eu/gender-equality-index

**8.** Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Tuairim maidir le "Plean Gníomhaíochta an Aontais (2017-2019) – Ag dul i ngleic leis an mbearna phá idir na hinscní". SOC/571.

**9. Eile:**

– Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú.

– Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe..

- Cairt Shóisialta na hEorpa (athbhreithnithe) Chomhairle na hEorpa 1996

- Clár Oibre na Náisiún Aontaithe do chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban (Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising)